# Caibidil 1

# Réamhrá

# 1.0 Réamhrá

I nDréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2020-2026, leagtar amach na beartais agus na cuspóirí agus an straitéis foriomlán um fhorbairt an Chontae i gcaitheamh thréimhse an phlean 2020-2026. Tá an Plean á ullmhú agus deireadh tagtha le tréimhse leanúnach chraptha ó thaobh gheilleagar na tíre de agus comharthaí láidre ann go bhfuil an geilleagar faoi bhorradh arís. Tá na rátaí dífhostaíochta ar a leibhéil is ísle ó bhí 2008 ann. Tá muinín na dtomhaltóirí á feabhsú agus tá réamhaisnéisí eacnamaíocha dearfach maidir leis an am atá romhainn. D'ainneoin na gcomharthaí dearfacha thuasluaite, tugadh aird faoi leith ar an imní agus an éiginnteacht a bhaineann leis an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit agus an Plean Forbartha á ullmhú.

Leagtar amach leis an bPlean seo fís dhearfach don Mhí, fís a chabhróidh leis an gcontae leanúint de rannchuidiú suntasach a dhéanamh le téarnamh eacnamaíoch na tíre tríd an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus an fás seasmhach eacnamaíoch a éascú, rudaí as a mbainfidh saoránaigh an chontae leas fadtéarmach.

Seo a leanas Fís Straitéiseach an Phlean Forbartha:

> *'Caighdeán beatha gach saoránach sa Mhí a fheabhsú trí thimpeallacht a thacaíonn le geilleagar fuinniúil atá ag fás agus áit dhea-nasctha chun cónaí, chun foghlama agus chun dul i mbun gnó a chruthú'.*

# 1.1 Forléargas ar an gContae

Níos mó ná 230,000 heicteár atá i gceantar riaracháin na Mí agus is é an dara contae is mó i gCúige Laighean. Ó dheas, tá sé taobh le Baile Átha Cliath agus tá an Mhí ina comhpháirtí tábhachtach tacaíochta maidir leis an bhfás atá tagtha ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le déanaí mar gheall ar an ngaireacht gheografach agus ar an gcaidreamh láidir feidhmiúil idir an dá chontae. Leis an mbuntáiste geografach sin, bhí an contae in ann mórpháirt a ghlacadh i bhforbairt na Tairsí Náisiunta, an limistéar is dinimiciúla agus is forásaí ó thaobh an gheilleagair de sa tír.

Tá daonra de níos mó ná 195,044[1] duine ag an Mí, i líonra de bhailte agus sráidbhailte tarraingteacha agus i gceantair tuaithe. Tá tírdhreacha éagsúla sa chontae, lena n-áirítear 10 gciliméadar de chósta, droimníní na Mí ó thuaidh, talamh féaraigh maith, limistéir tailte portaigh agus portaigh ardaithe san iardheisceart agus an lárlimistéar sléibhe ina bhfuil Teamhair- príomhchathair ársa na hÉireann. Tá tionchair athraitheacha a dhaonra le himeacht ama le feiceáil ar an tírdhreach; idir na suíomhanna meigiliteacha ag an nGráinseach Nua agus an Seanchaisleán, fothrach an chaisleáin Normannaigh ag Baile Átha Troim, na heastáit talún ag Baile Shláine, Dubhadh agus an Seandroichead, agus lonnaíochtaí fuinniúla an lae inniu amhail na cinn siúd ag an Uaimh, Droichead Átha, Dún Búinne agus Cill Dhéagláin.

Tá neart acmhainní nádúrtha agus saorga ag an gcontae. Tugann córas bonneagair bóthair agus iarnróid dea-fhorbartha a dtugann rochtain ar ghréasáin idirnáisiúnta iompair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Bhaile Átha Cliath agus ar an gcuid eile den tír tacaíocht don chontae. Úsáidtear na hithreacha torthúla mar bhonn d'earnáil ráthúil talmhaíochta agus bia, agus cuireann an oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht thógtha le caighdeán beatha mhuintir an chontae agus tá siad ag mealladh cuairteoirí don Mhí le fada an lá.

---

[1] Daonáireamh 2016

## 1.2 Creat Reachtaíochta

Achtaíodh leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018 ceanglais reachtacha, chun go ndéanfaí an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus an SRSE ábhartha a ionchorprú i ngach Plean Forbartha Cathrach nó Contae ar bhealach comhordaithe agus tráthúil. Leagtar amach in Alt 11(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú, forálacha dlíthiúla a chuir próisis phlean forbartha contae ar fionraí nó a iarchuir iad, nó a éilíonn go gcuirfí tús le próisis malairte nó athbhreithnithe laistigh de shé mhí ón SRSE a dhéanamh.

Chuir Comhairle Contae na Mí tús leis an bPlean nua Forbartha Contae a ullmhú le próiseas Comhairliúcháin Réamhdhréachta i mí na Nollag 2016. D'éiligh an tAcht um Pleanáil, 2018 go n-iarchuirfí an t-athbhreithniú ar an bPlean go dtí go dtabharfaí próiséas na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche chun críche. Rinneadh an Straitéis sin ar an 28 Meitheamh 2019, i gcomhréir le halt 24(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus cuireadh tú leis an bpróiseas athbhreithnithe arís.

Ullmhaíodh an Dréachtphlean seo de réir cheanglais an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus comhlíonann sé na riachtanais sainordaitheacha uile maidir le Plean Forbartha a ullmhú. Cuimsítear leo siúd, inter alia, cuspóirí um chriosú talún, soláthar bonneagair, caomhnú agus cosaint an chomhshaoil, agus pleanáil agus forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i gceanglais shóisialta, phobail agus chultúrtha an cheantair agus a dhaonra. Is riachtanas é freisin ‘croístraitéis’ a ullmhú don Chontae, agus ní mór di a bheith comhsheasmhach, sa mhéid is indéanta, le cuspóirí forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha mar a leagtar amach iad sa Chreat Náisiunta Pleanála (CNP), a cuireadh in áit na Straitéise Spáis Náisiúnta (SSN) agus na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche ar an 16 Feabhra 2018.

Mar a luaitear thuas, tá an CNP, a seoladh ar an 16 Feabhra 2018, curtha in áit an SSN. Is é cuspóir an CNP a bheith mar chreat forbartha straitéisí, a leagann amach comhthéacs fadtéarmach fhorbairt fhisiciúil na hÉireann agus an dul chun cinn gaolmhar ó thaobh an gheilleagair, an tsochaí agus an timpeallachta de. Tháing an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) in áit na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí agus déantar plé níos mionsonraithe uirthi i gCuid 1.5.2 thíos.

De réir na reachtaíochta Eorpaí agus na reachtaíochta Náisiúnta, rinne an Chomhairle Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Chuí (MC) faoin Treoir maidir le Gnáthóga, a threoraigh ullmhú an Phlean Forbartha seo. Déantar na measúnachtaí sin ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fheadfadh a bheith ag cuspóirí an Phlean ar an gcomhshaol. Cuireann an próiseas sin bonn eolais faoi ábhar an Phlean agus cinntíonn sé go bhfreagraíonn an timpeallacht thógtha go hiomchuí d'íogaireachtaí agus do riachtanais na timpeallachta nádúrtha níos leithe.

Anuas air sin, bhí ar an bPlean aird a thabhairt ar reachtaíocht agus treoir chomhshaoil ábhartha eile amhail, an Chreat-treoir Uisce, an Treoir maidir le Tuilte, An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, an Treoir maidir le Sliogéisc, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce, na hAchtanna um Fhiadhúlra, Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola. Mar sin, meastar go bhfuil cuspóirí forbartha an Phlean comhsheasmhach, sa mhéid is indéanta, leis an gcomhshaoil a chaomhnú agus a chosaint.

## 1.2.1 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Bhí an Dréachtphlean seo faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), mar a éilítear leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004. Measúnú foirmeálta córasach ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ar an gcomhshaoil mar thoradh ar phlean nó clár a chur i bhfeidhm, measúnú a dhéantar sula ndéanfaí cinneadh glacadh leis an bplean nó leis an gclár, atá i MST. Is éard is aidhm don phróiseas MST ná '*ardleibhéal cosanta a chur ar fáil don chomhshaol agus cur leis an méid a gcuirtear breithnithe comhshaoil san áireamh agus pleananna agus cláir á n-ullmhú ionas go gcuirfí an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn.*'[2]

Cuimsíodh torthaí an phróiseas MST ina n-iomláine in ullmhú agus i ndéanamh an Phlean seo. Foilsíodh an Tuarascáil Comhshaoil a tháinig as mar dhoiciméad ar leithligh im éineacht leis an bPlean seo agus tá sí le fáil in Imleabhar 4.

## 1.2.2 Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte

Is ar Oifig na nOibreacha Poiblí, agus í mar phríomhghníomhaireacht, atá an fhreagracht reachtúil as an bpriacal tuilte a bhainistiú agus ise atá freagrach as cur i bhfeidhm foriomlán na Treorach maidir le Tuile.

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile (MSPT) ar cheantar an Phlean agus tugadh aird ar na treoirlínte cuí[3]. Rinneadh Measúnacht ar Phriacal Tuile a chomhtháthú sa phróiseas MST. Foilsíodh an Mheasúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile mar dhoiciméad ar leithligh in éineacht leis an bPlean seo agus tá sí le fáil in Imleabhar 3.

## 1.2.3 Measúnacht Chuí

Cuireann Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle Eorpach maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga) é de cheangal ar Údaráis Inniúla, Comhairle Contae na Mí sa chás seo, tabhairt faoi Mheasúnacht Chuí ar aon phlean nó tionscadal nach mbaineann go díreach le láithreán Natura 2000 a bhainistiú nó nach bhfuil riachtanach maidir le láithreán den chineál sin a bhainistiú, ach is dóigh a bheidh éifeacht suntasach aige air, as féin nó i dteannta le pleananna nó tionscadail eile. Déanann an mheasúnacht iniúchadh ar na himpleachtaí a bhaineann le leanúint leis an bplean nó an tionscadal i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin.

Foilsíodh Tuarascáil Tionchair Natura mar dhoiciméad ar leithligh in éineacht leis an bPlean seo agus tá sí le fáil in Imleabhar 4.

## 1.2.4 Treoirlínte ón Aire

Tógadh san áireamh Treoirlínte ón Aire a eisíodh chuig na hÚdaráis Phleanála maidir lena gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus an Plean seo á dhéanamh, de réir Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

[2] Treoir Eorpach 2001/42/CE

[3] Treoirlínte Pleanála ón Aire um an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, 2009

# 1.3 An Próiseas Athbhreithnithe

Cuireadh tús go hoifigiúil leis an bpróiseas athbhreithnithe ar Phlean Forbartha Chontae na Mí ar an 14 Nollaig 2016. An chéad chéim a bhí ann ná an Chéim Chomhairliúcháin Réamhdhréachta. Ullmhaíodh Páipéar um Shaincheisteanna Straitéiseacha d'fhonn feasacht a ardú ar nádúr an Phlean Forbartha féin agus an phróisis athbhreithnithe féin. Glacadh le haighneachtaí ón bpobal le linn na Céime Comhairliúcháin Réamhdhréachta a reáchtáladh idir an 14 Nollaig 2016 agus an 17 Feabhra 2017. Tugadh faoi réamhchomhairliúcháin freisin le páirtithe leasmhara ábhartha, iad seo a leanas san áireamh; soláthraithe fuinnimh, teileachumarsáide, iompair, oideachais, etc., Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae na Mí, an Choiste um Beartas Straitéiseach Pleanála agus Forbartha Eacnamaíche agus gach Roinn de chuid Chomhairle Contae na Mí. Tionóladh sé imeacht phoiblí le linn na treimhse sin agus fuarthas 282 aighneacht san iomlán.

Ullmhaíodh tuarascáil leis an bPríomhfheidhmeannach a thug eolas ar thoradh na céime Comhairliúcháin Réamhdhréachta, i gcomhréir le hAlt 11(4) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Ar an 23 Feabhra 2017, thug an Coiste um Beartas Straitéiseach treoir bheartais maidir leis an bPlean Forbartha, ag tabhairt airde faoi leith ar sholáthar leathanbhanda, tacú le grúpaí pobail agus samhlacha forbartha pobail "cónaithe-oibre" a chur chun cinn.

Thug na Comhaltaí Tofa treoracha maidir le hullmhú an Dréachtphlean Forbartha ar an 24 Aibreán 2017.

# 1.4 Ullmhú an Dréachtphlean Forbartha

## 1.4.1 Príomhbhreithnithe beartais

Bhí tionchar ag roinnt doiciméid bheartais straitéisigh Idirnáisiúnta, Náisiunta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar ullmhú an Phlean Forbartha seo, mar a léirítear i Léaráid 1.1 agus tá na sonraí céanna sna haguisíní leis an bPlean seo. Go príomha, ní mór don Phlean Forbartha an Creat Náisiunta Pleanála, an Straitéis Réigiunach Spásúil agus Eacnamaíoch agus riachtanais an tAcht um Pleanáil, 2000 arna leasú agus na Rialacháin a ghabhann leis a chomhlíonadh.

De réir Alt 9(6) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ní mór do Phleananna Forbartha, sa mhéid is indéanta, a bheith comhsheasmhach le pleananna, beartais nó straitéisí náisiúnta a chinneann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil go mbaineann siad le pleanáil chuí agus an fhorbairt inbhuanaithe. Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint chuig na hÚdaráis Phleanála maidir lena bhfeidhmeanna pleanála agus ní mór do na hÚdaráis Pleanála aird a thabhairt orthu siúd.


Ina theannta sin, mar Údarás Pleanála laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, caithfear an Plean a bheith comhsheasmhach le Straitéis Iompair MCBÁC.

Ar deireadh, ní mór don Phlean seo aird a thabhairt ar Phleananna Forbartha de chuid Údarás Áitiúil atá teorantach lena limistéar féin. Is iad na hÚdaráis Áitiúla atá teorantach le Contae na Mí ná Lú, Cill Dara, an Iarmhí, Muineachán, an Cabhán, Uíbh Fhailí agus Fine Gall.

## 1.4.2 Treoir Náisiúnta agus Réigiúnach

Leagtar amach sa chairt thíos an caidreamh comhtháite idir na codanna éagsúla de cheapadh beartas ar an Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil.




# 1.4.2.1 Beartas Náisiúnta

## 1.4.3 Tionscadal Éireann 2040

Tionscnamh beartais uilghabhálach an Rialtais chun Éire a fheabhsú do gach saoránach dá cuid atá i dTionscadal Éireann 2040. Leagtar an tionscnamh beartais seo amach sa dhá dhoiciméad seo a leanas:

i) An Creat Náisiunta Pleanála (CNP), a leagann amach straitéis pleanála na hÉireann go dtí 2040.
ii) An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2018-27, a leagann amach sonraí maidir le hinfheistíocht bonneagair go dtí 2027.

Tá an clár infheistíochta a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta ailínithe go dlúth leis an 10 bhFothoradh Straitéiseacha Náisiúnta a shonraítear sa PFN. Cinnteoidh sé sin go mbeidh na tosaíochtaí infheistíochta agus an caiteachas caipitiúil comhsheasmhach leis na prionsabail is bun leis an straitéis phleanála a leagtar amach sa CNP.

### An Creat Náisiúnta Pleanála

Is é is aidhm don Chreat Náisiúnta Pleanála ná paireacht réigiúnach a bhaint amach idir réigiún Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre (TROLT) agus an chuid eile den tír ó thaobh daonra de. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, tugadh spriocanna laghdaithe fáis daonra do réigiún TROLT i gcomparáid le limistéir na dTionól eile. Dá bhrí sin, rinneadh treocht fáis reatha an réigiúin sin a choigeartú sa SRSE le cinntiú go gcomhlíonfar an beartas Náisiúnta. Ta sainordú tugtha don Phlean Forbartha Contae an chonair anuas fáis daonra sin a chur i bhfeidhm.

Athrú suntasach ar na treochtaí agus na pátrúin fáis reatha, ar a dtugtar 'gnó mar is gnách' sa doiciméad, atá sa straitéis fáis réigiúnaigh a leagtar amach sa CPN. Chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm, cuirfear srian leis an bhfás daonra i Réigiún an Oirthear agus Lár na Tíre trí pholasaí de 'phaireacht réigiúnach' a chur i bhfeidhm ina mbeidh ar fhás réamh-mheasta Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre a bheith mar an gcéanna, ar a laghad, le fás Réigiúin an Tuaiscirt, an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.[4] An sprioc daonra atá ann do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre ná go mbeidh 490,000-540,000 duine sa bhreis ina gcónaí sa réigiún faoi 2040.

Is ceann de chuspóirí foriomlána (ó thaobh an gheilleagair agus chaighdeán na beatha de) an Phlean seo é aghaidh a thabhairt ar na hardleibhéil reatha chomaitéireachta ón gContae, i mbailte amhail an Uaimh, an Oirmhí agus Ráth Tó go sonrach, bailte ina bhfuil an daonra tar éis fás go mear, gan méadú coibhéiseach ar an bhfostaíocht. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá cur chuige straitéiseach spriocdhírithe curtha i bhfeidhm maidir le deiseanna eacnamaíocha a fhorbairt sa Chontae.

Ta sé shuíomh bhreise fostaíochta straitéisí sainaitheanta sa Chontae ag an bplean seo a thacaíonn le dlúthlonnaíochtaí atá nasctha lena chéile le conairí ilmhódacha agus atá i gcomhréir leis na critéir a bhaineann le fás fostaíochta a leagtar amach i gCuid 4.4. den CNP a fhorbairt. Déantar plé mionsonraithe ar fhorbairt eacnamaíoch an Chontae agus an treoir beartais a leantar ag an gComhairle, a raibh an-tionchar ag beartais an CNP agus an SRSE uirthi, i gCaibidil 4 den Phlean seo.

### An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Leagtar amach sa PFN na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn ag cur i bhfeidhm ráthúil an CNP nua. Treoróidh sé cinntí pleanála agus infheistíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna fiche bliain atá romhainn, chun freastal ar an méadú de níos mó ná 1 mhilliún duine ar an daonra a bhfuiltear ag súil leis.

## 1.4.3.1 Beartas Réigiúnach

### An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019-2031

Bunaíodh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre ar an 1 Eanáir 2015. Tá naoi gcontae sa Réigiún agus dhá údarás áitiúla déag, is iad sin – Comhairlí Contae an Longfoirt, na hIarmhí, Uíbh Fhailí, Laoise, Lú, na Mí, Chill Dara, Chill Mhantáin, Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá trí fhoréigiún, nó Limistéar Pleanála Straitéisí mar a thugtar orthu (LPSanna), sa Réigiún agus is iad sin LPSanna Lár na Tíre, an Oirthir agus Bhaile Átha Cliath. I LPS an Oirthir atá an Mí lonnaithe, in éineacht le Cill Dara, Cill Mhantáin agus Lú.

Plean straitéiseach atá sa SRSE a aithníonn buanna, deiseanna agus brúnna réigiúnacha agus a thugann freagairtí iomchuí beartais i bhfoirm Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh.

[4] Cuspóir Beartas Náisiúnta 1a agus 1b den CPN

Seo a leanas fís na SRSE:

*"Réigiún inmharthana agus iomaíoch a chruthú a thacaíonn le sláinte agus folláine ár ndaoine agus ár n-áiteanna, idir uirbeacha agus tuaithe, agus a thugann rochtain ar dheiseanna tithíochta, taistil agus fostaíochta d'ardchaighdeán do gach aon duine"*

Mar gheall ar mhéid agus éagsúlacht Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, leagann an SRSE amach fís don fhás agus don fhorbairt amach anseo ag leibhéal an Limistéir Pleanála Straitéisí (LPS) agus ag leibhéal réigiúnach araon. Cuireann an SRSE i bhfad níos mó béim ar an bhforbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Tá an bhéim níos láidre sin ar chúrsaí eacnamaíochta ceaptha le naisc idir beartas pleanála agus treochtaí eacnamaíochta agus cúrsaí mar atá a neartú agus tréithe réigiúnacha a aithint a mheastar atá riachtanach chun feidhmíocht fheabhsaithe eacnamaíoch a chur chun cinn, amhail bonneagar agus seribhísí fisiciúla, saoráidí forbartha pobail, caighdeán ginearálta na timpeallachta agus buanna agus taitneamhachtaí eile. Tá beartais eacnamaíocha na SRSE ailínithe go dlúth le treoir bheartais Straitéis Eacnamaíoch na Mí, lena n-áirítear an tsamhail phobail 'cónaithe-oibre', béim ar aghaidh a thabhairt ar ardleibhéil na comaitéireachta amach ó LPS an Oirthir agus suíomhanna fostaíochta straitéisí a shainaithint.

## 1.4.4 Beartas Áitiúil

### 1.4.4.1 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Mí 2016-2021

Éilíodh leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 go mbunófaí Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPAanna) laistigh de na hÚdaráis Áitiúla go léir. Bunaíodh Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) na Mí in 2014 chun cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt áitiúil agus pobail. Cuireadh deireadh le Boird Forbartha Contae agus Cathrach (BFCanna) i mí an Mheithimh 2014 faoi Acht 2014.

Ceann de phríomhfheidhmeanna na CFPAanna ná Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PAEP) sé bliana a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air don limistéar Údaráis Áitiúil.

Go bunúsach, oibríonn an Plean Forbartha agus an PAEP in éineacht lena chéile sa chaoi go gcuireann an PAEP creat tacaíochta ar fáil d'fhorbairt eacnamaíoch agus d'fhorbairt pobail áitiúil na Mí, agus cuireann an Plean Forbartha Contae straitéis uileghabhálach agus tacaíocht beartais reachtach ar fáil maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an Chontae ar leibhéal spásúil. Mar thoradh air sin, ní mór do bheartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae a bheith comhlántach agus comhsheasmhach le spriocanna agus cuspóirí ardleibhéal an PAEP.

Ta cúram reachtúil ag TROLT maidir le beartais an PAEP a ailíniú le Pleananna Forbartha Contae.

### 1.4.4.2 Plean Corparáideach Chomhairle Contae na Mí 2015-2019

Is é ráiteas misin Phlean Corparáideach Chomhairle Contae na Mí 2015-2019 *'treallús a chur faoi fhás eacnamaíoch, sóisialta, cultúir agus comhshaoil ár gContae ar bhealach atá cothrom agus uilechuimsitheach dár saoránaigh go léir'*. Is é fís an phlean seo don Mhí '*forbairt eacnamaíochta,*

*seachadadh seirbhísí atá éifeachtúil le luach ar airgead, agus ionadaíocht a dhéanamh ar mhuintir agus ar phobail Chontae na Mí chomh héifeachtach agus chomh cuntasach agus is féidir, a stiúradh'.*

Leagann an Plean Corparáideach amach sé chuspóir a bhaineann leis an eagraíocht ar fad chun treoir a thabhairt maidir le treo fheidhmeanna Chomhairle Contae na Mí agus é a mhúnlú. Tugtar achoimre ar na cuspóirí sin thíos:

1. Seirbhísí den scoth a sheachadadh
2. Forbairt eacnamaíochta a stiúradh
3. Comhpháirtíochtaí láidre a bhfuil tionchar acu a chruthú
4. Rannpháirtíocht a thabhairt don phobal níos leithne
5. Cultúr barrfheabhais i measc na foirne a chothú
6. Córas agus próiseas inniúlachta a fhorbairt

Tá na cuspóirí sin agus an cinn siúd atá ag Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Mí 2016-2021 tar éis cur le hullmhú fhís agus treo straitéiseach an Phlean Forbartha, a leagtar amach i gCaibidil 2, An Chroístraitéis agus i gCaibidil 4, Eacnamaíocht agus Fostaíocht. Tá tús curtha leis an bpróiseas athbhreithnithe ar an bPlean Corparáideach le déanaí.

### 1.4.4.3 Straitéis Forbartha Geilleagraí Chontae na Mí 2014-2022

Leagtar amach i Straitéis Forbartha Geilleagraí Chontae na Mí 2014-2022 bearta atá soiléir, achomair, nuálach agus bunaithe ar fhianaise a bhfuil sé d'aidhm acu dlús a chur le hathrú eacnamaíoch, le hathfhuinnmhiú agus le forbairt inbhuanaithe Chontae na Mí idir 2014-2022.

Tá éirithe leis na bearta a mholtar sa Straitéis Forbartha Geilleagraí a chur ar chumas Chontae na Mí a chumas eacnamaíoch a chomhlíonadh agus rath a bheith air mar lárionad sóisialta, cathrach, tráchtála agus cónaithe atá ráthúil, ilchineálach agus bríomhar a aithnítear go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit an-tarraingteach ar leith chun dul i mbun gnó.




**Léaráid 1.1: Tionchair beartais straitéisigh ar ullmhú Phlean Forbartha Chontae na Mí 2020-2026**

### 1.4.4.4 Suíomhanna Fostaíochta Straitéisí

Ag cur le fuinneamh chur i bhfeidhm ráthúil na Straitéise Eacnamaíche agus sainaithint cúig shuíomh fostaíochta straitéisí, tá roinnt suíomhanna breise fostaíochta straitéisí roghnaithe maidir leis na ceantair sin óna mbíonn na leibhéil is airde den chomaitéireacht amach[5] agus ag bhfuil próifíl tacair sainscileanna ardchaighdeáin.

[5] Sonraí POWSCAR 2016

I gcás Mhaigh Nuad, réitíonn na deiseanna chun sineirgí a fhorbairt le hOllscoil Mhá Nuad le treo beartais na SRSE chun díriú ar chuaillí teicneolaíochta agus nuálaíochta atá lonnaithe ag ollscoileanna agus suíomhanna á n-aithint don bhfiontraíocht.

Meascán de thailte nuachriosaithe agus de thailte a bhí criosaithe cheana féin atá i gceist leis na suíomhanna. An aidhm atá leis na suíomhanna sin a ainmniú mar shuíomhanna fostaíochta straitéisí ná cur chuige maidir leis na suíomhanna a mhargú, a glacadh leis na suíomhanna a ainmníodh sa Straitéis Eacnamaíoch, a éascú. Tá an bhéim sin ag teastáil chun forbairt a spreagadh ar na tailte seo.

Seo a leanas na Suíomhanna breise Straitéiseacha:

- Tailte ar Bhóthar Bhaile Átha Troim, An Uaimh (a aithníodh mar thailte bána (ábhar malairte leagain faoi láthair ar Phlean Forbartha na hUaimhe[6]) agus tailte breise ó thuaidh;
- Mórcheantar Mhaigh Nuad (tailte criosaithe don fhostaíocht);
- Ráth Tó, tailte idir limistéar foirgnithe Ráth Tó atá ann cheana agus ionaid Eachaíochta Thigh na Sióg/Tattersalls, chun mol fostaíochta bunaithe ar an eachaíocht a chruthú (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin, tailte breise aitheanta);
- Ceanannas, tailte os comhair Chlub Gailf Dhiméin Cheanannais (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin);
- An Inse, tailte in aice le Stáisiún Traenach na hInse (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin, tailte breise aitheanta);
- An Bóthar Buí, tailte taobh thoir de limistéar foirgnithe an Bhóthair Buí (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin);
- Dún Seachlainn, tailte taobh ó dheas den bhaile a fhreastalóidh ar chroíbhealach ar chur ar fáil don Mhótharbhealach M3.

## 1.5 Clár an Ábhar an Phlean Forbartha Contae 2020-2026

Doiciméad i scríbhinn agus na haguisíní agus na léarscáileanna a thacaíonn leis, mar a leagtar amach iad i gclár an ábhar, atá sa Phlean Forbartha Contae. Tá ceithre imleabhar i bPlean Forbartha Chontae na Mí:

1. Imleabhar 1 Ráiteas Scríofa
2. Imleabhar 2 Ráitis Scríofa & Léarscáileanna ar na lonnaíochtaí

[6] Iúil 2019

3. Imleabhar 3 Leabhar na Léarscáileanna

4. (Imleabhar 4 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí & Measúnúnacht ar Phriacal Tuilte)

   Aguisíní, Gluais.

In Imleabhar 1, an ráiteas scríofa, tá beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha agus tá 11 chaibidil ann.

- I gCaibidil 1, Réamhrá, tugtar faisnéis cúlra maidir leis an bPlean Forbartha.
- I gCaibidil 2, Croístraitéis, leagtar amach an fhís fhoriomlán don chontae agus na croíphrionsabail is bun leis an straitéis forbartha atá sa Phlean.
- I gCaibidlí 3 go 10, déantar forbairt ar an straitéis forbartha don chontae, agus tugtar iontu treoir bheartais mhionsonraithe maidir le tithíocht, forbairt eacnamaíoch, gluaiseacht, bonneagar, saincheisteanna sóisialta, an oidhreacht thógtha agus oidhreacht nádúrtha, an fhorbairt tuaithe agus an t-athrú aeráide. Tá ráiteas scríofa i ngach ceann de na caibidlí seo ina dtugtar téamaí, beartais agus cuspóirí straitéiseacha do gach ábhar.
- I gCaibidil 11, tugtar caighdeáin bhainistíochta forbartha mhionsonraithe. Leagtar na critéir a úsáidfidh an Chomhairle agus iarratais phleanála á meas aici amach sa chaibidil seo. Tacaíonn siad leis na beartais agus na cuspóirí éagsúla a shonraítear sa Phlean.

In Imleabhar 2, tá na Ráitis Scríofa agus na léarscáileanna a ghabhann leis na lonnaíochtaí seo a leanas:

**CEANTAR BARDASACH CHILL DHÉAGLÁIN**

| |
|---|
| Cill Dhéagláin |
| Baile Mhic Gormáin |
| Baile an Cheantaigh |
| Steach Maoilín |

**CEANTAR BARDASACH CHEANANNAIS**

| |
|---|
| Baile Átha Buí |
| Baile Ghib |
| Droichead Chearbhalláin |
| Carn na Ros |
| Crosa Caoil |
| Droim Conrach |

| |
|---|
| Ceanannas |
| Cill Maighneann |
| Maigh na nEalta |
| An Obair |
| An Seanchaisleán |
| Ráth Chairn |

**CEANTAR BARDASACH NA hINSE/BHAILE AN BHIATAIGH**

| |
|---|
| Baile an Bhiataigh/An Inse/Baile Uí Mhornáin/ Domhnach Cairnigh |
| Dún Uabhair |
| Damhliag |
| Baile Iúiliáin |
| Baile Shláine |

**CEANTAR BARDASACH NA hUAIMHE**

| |
|---|
| An Uaimh |

**CEANTAR BARDASACH RÁTH TÓ**

| |
|---|
| Dún Búinne (& Cluain Aodha) |
| Dún Seachlainn |
| Mórcheantar Chill Choca |
| Cill Mheasáin |
| Mórcheantar Mhaigh Nuad |
| Ráth Tó |

**CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA TROIM**

| |
|---|
| Baile Íomhair |
| Cluain Ioraird |
| An Bóthar Buí |
| Cill Bhríde |
| Cill Dealga |
| Maigh Dearmhaí |

| |
|---|
| Ráth Moliain |
| Cnoc an tSamhraidh |
| Baile Átha Troim |

**In Imleabhar 3, tá na léarscáileanna a ghabhann le hImleabhar 1, lena n-áirítear:**

| |
|---|
| Ordlathas Lonnaíochta |
| Príomhchonairí, Nóid & an Gréasán Iompair |
| Léarscáileanna Coimeádta Iarnróid |
| Uasghráduithe ar Bhóithre Naisiúnta & Réigiúnacha |
| Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta – Imthosca Eisceachtúla |
| Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú Na Boinne |
| Limistéir Chaomhantais Ailtireachta |
| Ainmníochtaí Oidhreachta Nádúrtha (Natura 2000) |
| Cearta Slí Poiblí |
| Léarscáileanna Amharc agus Radharc |
| Cineálacha Brú Forbartha i gCeantair Tuaithe |
| Orduithe Caomhnaithe Crann (OCC) |
| Ceantair Ghaeltachta Ráth Chairn & Bhaile Ghib |
| Rochtain Amach Anseo ar Chonairí Straitéiseacha a Bhainistiú |
| Criosanna Sábháilteachta Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| Láithreáin SEVESO agus Faid Chomhairliúcháin |

Ar deireadh, sna hAguisíní, beidh: sonraí ar an Reachtaíocht ábhartha uile, Treoir Bheartais Straitéisigh, cur chuige na Comhairle maidir le Treoirlínte ón Aire a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha, an Straitéis Tithíochta, an Straitéis Miondíola, an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha, an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, Amhairc agus Radhairc Faoi Chosaint agus gach léarscáil agus faisnéis eile atá ábhartha maidir leis an Dréachtphlean a ullmhú.

### 1.5.1 Pleananna Ceantar Áitiúil a bhfuil ann Dóibh Cheana

Tá Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm do na lárionaid lonnaíochta seo a leanas faoi láthair: Cill Dheagláin, Baile an Bhiataigh/An Inse/Baile Uí Mhornáin Thoir/Domhnach Cairnigh, Dún Seachlainn, Dún Búinne, Ráth Tó agus Mórcheantar Theas Dhroichead Átha.

Tá ráiteas scríofa agus léarscáil cuspóirí criosaithe talamhúsáide maidir le gach lárionad lonnaíochta le fáil in Imleabhar 2 chun cabhrú le *interalia* creat a bhunú do PCAanna amach anseo, chun tacú leis

an bhforbairt eacnamaíoch agus chun bun a chur faoi fheidhmiú leanúnach an phróisis bainistíochta forbartha fad is atá na PCAanna (an PCU i gcás Dhroichead Átha) á gcríochnú.

## 1.6 Léirmhíniú

**Agus an doiciméad seo á léirmhíniú, i gcás go dtiocfadh aon choimhlint chun cinn idir an focal scríofa agus na léarscáileanna gaolmhara, tabharfaí tosaíocht don fhocal scríofa i ngach cás.**

**I gcás go dtiocfadh aon choimhlint chun cinn idir na léarscáileanna agus an focal scríofa, tabharfaí tosaíocht fhocal scríofa.**

### 1.6.1 Prótacail

**Tá na prótacail seo a leanas i bhfeidhm i ngach cás**

- **Tagraíonn an Chomhairle do Chomhairle Contae na Mí.**
- **Tagraíonn an Plean do Phlean Forbartha an Chontae 2020-2026.**
- **Tagraíonn an Contae do Chontae na Mí.**